Leanúnachas agus Athrú le himeacht ama: Topaic: Iascaireacht agus Feirmeoireacht

Leathanach Oibre 4

AMLÍNE

- **4500 BC** Tháinig na céad feirmeoirí go hÉirinn
- **1590** Tháinig prátaí go hÉirinn
- **An Gorta Mór 1845-1848**
- **1894** Tógadh cé úr ar Na Cealla Beaga
- **1939-1945** An Dara Cogadh Domhanda

An raibh a fhios agat ?

IASCAIREACHT:

Tá breis agus 400 míle ar líne chósta Dhún na nGall, agus tá muintir an chontae ag teacht i dtír ar an iascaireacht le fada an lá.
San am atá thart, ba mhinic iascairí ina bhfeirmeoirí beaga agus ina n-oibrithe talún agus iad ag cur lena dteacht isteach tríd an iascaireacht, báid a ligint ar cíos agus trealamh a roinnt. De ghnáth, bhíodh siad ní b'fhearr as ná na daoine a bhíodh ag cur fúthu i lár na tíre. Bhíodh na scadáin iontach tábhachtach i gcothú na ndaoine, ós rud é go mbíodh neart acu ann agus go mbíodh siad saor. Bhíodh an chuid ba mhó de mhuintir na tuaithe sa 19ú haois beo ar na scadáin agus ar na prátaí.
Cuireadh tús le seilg an mhíl mhóir thart ar chósta Dhún na nGall go luath san 18ú haois. Bhí luach mhór ar chnámha agus ar bhlonag míl mhóir, agus úsáideadh iad i dtáirgeadh ola. I dtús báire, níor éirigh go rómhaith le seilg an mhíl mhóir i nDún na nGall cionn is nach raibh an trealamh ceart ar fáil. Ach d'éirigh go measartha le stáisiún beag míol mór i gCuan Dhún na nGall i rith na 1760aidí.
B'éigean na míola móra a maraíodh thart ar Chósta Dhún na nGall a chur go Londain lena bpróiseáil, agus dá bhrí sin, rinneadh iarracht roinnt stáisiún úr míol mór a oscailt i nDún na nGall go mall sa 19ú haois. Chuir bunadh na háite, na hiascairí ach go háirithe, go láidir i gcoinne oscailt na stáisiún seo, ar fhaitíos go ndeanfadh an tionscal míol mór dochar do stoc na scadán is na mbradán. Chuir bunadh na háite ina gcoinne fosta mar gheall ar an tormán agus na bolaithe a bhainfeadh le stáisiún mór próiseála. Bunaíodh fiosrúchán poiblí, agus mar thoradh air sin, ní dheachas ar aghaidh leis na Stáisiúin Mhíol Mór a bhí beartaithe.

FEIRMEOIREACHT:

Tá an fheirmeoireacht fíorthábhachtach i saol na hÉireann ó tháinig na chéad feirmeoirí chun na tíre seo i c4200 RC. Bunaíodh Roinn Talmhaíochta agus Oiliúint Theicniúil na hÉireann i 1899 agus bhí sí lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Bhí an Roinn freagrach as scéimeanna a thabhairt isteach a chuirfeadh feabhas ar chúrsaí feirmeoireachta. Bhí coiste i Leifear darbh ainm Coiste Talmhaíochta Chontae Dhún na nGall a rinne an obair seo. Reáchtáladh an Roinn agus an Coiste i nDún na nGall roinnt scéimeanna ar stoc, ar ghairneoireacht, ar éanlaith chlóis, ar bheachaireacht, ar líon a fhás, ar dhéiríocht, agus ar fhoraoiseacht. Thugaidís léachtaí agus thugaidís cuairteanna ar fheirmeacha le comhairle a chur ar na feirmeoirí. Achan bhliain, bhronnaídís duaiseanna fá choinne Scéim Feirme Bige. Dhéantaí na feirmeacha beaga a mheas ar réimse leathan ábhar: glantachas; éagsúlacht glasraí; cúram stoic; bail ar an talamh, ar sconsaí agus ar fhálta; éifeachtúlacht maidir le saothrú talaimh agus plandáil chrann agus fálta.

BAINT MHÓNA Á BRÚ CHUN CINN I NDÚN NA NGALL:

I rith an Dara Cogadh Domhanda, mar gheall ar ghanntanas earraí, bhí gá le breosla agus bia agus só-earraí a chiondáil. Thagadh an mhórchuid de bhreosla na hÉireann, ar nós peitril agus guail, ó thíortha eile, agus cuireadh stad leis seo i rith an chogaidh. Táthar ag baint mhóna in Éirinn leis na cianta, agus d'éirigh sí ní ba thábhachtaí i rith an chogaidh. Spreagadh na feirmeoirí leis an oiread móna agus is féidir a bhaint le í a dhíol sna bailte móra agus sna cathracha, agus bhí páirt nach beag ag Dún na nGall i soláthar na móna. Bhí feachtas bainte móna ar siúl ag an Chomhairle Contae, a chruthaigh fostaíocht agus a ghnóthaigh teacht isteach breise do na feirmeoirí beaga i nDún na nGall.

SA PHACÁISTE S'AGATSA GHEOBHAIDH TÚ...:

1. Fógra Fodhlí Iascaireachta, 1898
2. Fógra maidir le Stáisiún Míol Mór a bhí á bheartú, 1908
3. Tuairisc Chigireachta, Coiste Talmhaíochta Chontae Dhún na nGall, 1910-1911
4. Fógra nuachtáin de chuid na Comhairle Contae i 1944 agus fógraí nuachtáin

Amharc ar an Fhianaise

Leathanach Oibre 4

1. Fodhlí Iascaireachta

Cad chuige a bhfuil Cigirí na nIascach ag cur coisc ar na Tuck Nets?
Cén cineál cumhachta a úsáidtear leis na heangacha a oibriú?
Cén an pionós a ghearrtar as an fhodhlí úr a bhriseadh?
An bhfuil dlithe iascaireachta againn go fóill? Cad chuige a bhfuil siad de dhíth orainn?

2. Fógra faoi Stáisiún Míol Mór

Cad é an t-ainm atá ar an roinn a d'eisigh an fógra seo?
Cén áit a mbeidh na fiosrúcháin phoiblí le plé a dhéanamh ar na stáisiúin úra?
An ndéantar míola móra a sheilg thart ar chósta Dhún na nGall sa lá atá inniu ann?
An bhfuil a fhios agat cad chuige?

3. Tuairisc Chigireachta Choiste Talmhaíochta Chontae Dhún na nGall, 1910-1911

Cad iad na grúpaí bia a luann an cigire sa tuairisc?
Cad iad na cineálacha bia a bhí ag fás sa ghairdín?
Ainmnigh trí rud a mholann an cigire, agus trí rud a cháineann sé.
An dtig leat trí ghníomh feabhais a mholann an cigire a lua?
Cad é an difear idir na feirmeacha seo agus feirmeacha sa cheantar s'agatsa sa lá atá inniu ann? Cad iad na hathruithe a tharla, do bharúil?
An síleann tú go raibh saol na feirme níos deacra i 1911 ná mar atá sé inniu?

4. Fógra Móna

Cá mhéad móin a bhí de dhíth don gheimhreadh de réir an ailt sa nuachtán?
Cad é a tharla don mhóin bhreise a bhain na feirmeoirí?
Cén modh iompair a bhí de dhíth leis an mhóin a bhogadh, de réir na Comhairle Contae?
An úsáidimid móin sa bhaile go fóill ar na saolta seo?
Cad iad na foinsí breosla a thiocfadh linn a úsáid seachas ola agus gual?

SCRÚDAIGH...

Cén cineál éisc a dhíoltar i do cheantar áitiúil?
Cá as a dtagann sé?
An bhfuil an iascaireacht tábhachtach i nDún na nGall?
Ar do chéad chuairt eile ar an ollmhargadh, amharc ar na lipéid ar na torthaí agus ar na glasraí.
Cad iad na tíortha as a dtagann siad?
Cá as a dtagann an fheoil i do shiopa áitiúil?
Cuir ceist ar an bhúistéir ar do chéad chuairt eile.